BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Mór-Dhlísheomra)

4 Meitheamh 2026*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla – Barántas gabhála Eorpach – Cinneadh Réime 2002/584/CGB – Airteagal 1(3) – Foras le forghníomhú a dhiúltú – Baol go bhféadfaí an duine iarrtha íde atá mídhaonna nó táireach a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a fhulaingt – Airteagal 4(6) – Foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach – Gealltanas an Bhallstáit fhorghníomhaithigh an phianbhreith a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí inmheánach – Cinneadh Réime 2008/909/CGB – Aitheantas frithpháirteach na mbreithiúnas in ábhair choiriúla – Airteagal 4(5) – Iarraidh ón mBallstát forghníomhaitheach ar an mBallstát eisiúna an breithiúnas lena bhforchuirtear pianbhreith phríosúnachta chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú ar a chríoch)

I gCásanna Uamtha C-722/23 [Rugu] [i] agus C-91/24 [Aucroix] [i],

IARRATAÍ ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg), trí bhreitheanna an 22 Samhain 2023 agus an 31 Eanáir 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Samhain 2023 agus an 6 Feabhra 2024, faoi seach, sna himeachtaí a bhaineann le barántais ghabhála Eorpacha a fhorghníomhú

AR (C-722/23),

idiragraithe:

Procureur général,

agus

Procureur général près la cour d'appel de Mons (C-91/24)

v

HL,

tugann AN CHÚIRT (an Mór-Dhlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Lenaerts, Uachtarán, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, F. Biltgen, K. Jürimäe (Rapóirtéir), L. Arastey Sahún, I. Ziemele, J. Passer agus O. Spineanu-Matei, Uachtaráin Dlísheomra, S. Rodin, D. Gratsias, M. Gavalec, Z. Csehi agus N. Fenger, Breithiúna,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: M. Siekierzyńska, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 18 Márta 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– AR, ag O. Martins, avocat,

– Rialtas na Beilge, ag M. Jacobs, C. Pochet, agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus B. Dourthe, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hÍsiltíre, ag E. M. M. Besselink agus K. Bulterman, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

– Rialtas na Rómáine, ag M. Chicu agus E. Gane, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag F. Blanc, H. Leupold agus J. Vondung, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Iúil 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann na hiarrataí ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 1(3) agus Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1), arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 (IO 2009 L 81, lch. 24) (‘Cinneadh Réime 2002/584’).

2 Rinneadh na hiarrataí in imeachtaí maidir le dhá bharántas gabhála Eorpacha a fhorghníomhú sa Bheilg, ar eisíodh an chéad cheann acu ag údaráis na Rómáine an 1 Lúnasa 2023 i gcoinne AR, náisiúnach Rómánach a bhfuil cónaí air sa Bheilg, chun pianbhreith phríosúnachta 4 bliana a fhorghníomhú sa Rómáin le haghaidh gáinneáil ar dhaoine (Cás C-722/23) agus ar eisíodh an dara ceann acu ag údaráis na Gréige an 9 Márta 2016 i gcoinne HL, náisiúnach Beilgeach, chun pianbhreith phríosúnachta 5 bliana a fhorghníomhú sa Ghréig (Cás C-91/24) (le chéile, ‘na barántais ghabhála Eorpacha atá i gceist’).

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Cinneadh Réime 2002/584

3 Foráiltear le hAirteagal 1 de Chinneadh Réime 2002/584, dar teideal ‘Sainmhíniú ar an mbarántas gabhála Eorpach agus an oibleagáid é a fhorghníomhú’ mar a leanas:

‘1. Is cinneadh breithiúnach arna eisiúint ag Ballstát é an barántas gabhála Eorpach chun duine iarrtha chun críoch ionchúisimh choiriúil nó chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú a ghabháil agus a thabhairt suas do Bhallstát eile.

2. Déanfaidh na Ballstáit aon bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh agus i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime seo.

3. Ní bheidh sé d’éifeacht ag an gCinneadh Réime seo modhnú a dhéanamh ar an oibleagáid cearta bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha dlí a urramú mar a chumhdaítear in Airteagal 6 [CAE].’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear le hAirteagal 4 den Chinneadh Réime sin, dar teideal ‘Foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach an bharántais gabhála Eorpaigh’, mar a leanas:

‘Féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú sna cásanna seo a leanas:

[…]’

(6) más chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú a eisíodh an barántas gabhála Eorpach, i gcás go bhfuil an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach nó gur náisiúnach de nó cónaitheoir ann é agus go ngabhann an Stát sin air féin an phianbhreith nó an t-ordú coinneála a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.’

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Cinneadh Réime 2008/909/CGB

5 Foráiltear le hAirteagal 3 de Chinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach (IO 2008 L 327, lch. 27), dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme', mar a leanas:

'Is é is cuspóir don Chinneadh Réime seo na rialacha a bhunú faoina ndéanfaidh Ballstát, d'fhonn athimeascadh sa tsochaí an duine faoi phianbhreith a éascú, aitheantas a thabhairt do bhreithiúnas agus an phianbhreith a fhorghníomhú.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 4 den Chinneadh Réime sin, dar teideal, 'Critéir maidir le breithiúnas agus deimhniú a chur ar aghaidh chuig Ballstát eile', mar a leanas:

'1. Ar choinníoll go bhfuil an duine faoi phianbhreith sa Stát eisiúna nó sa Stát forghníomhaitheach agus gur thug an duine sin a thoiliú i gcás ina bhfuil gá leis faoi Airteagal 6, féadfar breithiúnas, mar aon leis an deimhniú, a bhfuil a fhoirm chaighdeánach leagtha amach in Iarscríbhinn I, a chur ar aghaidh chuig ceann de na Ballstáit seo a leanas:

(a) an Ballstát a bhfuil an duine faoi phianbhreith ina náisiúnach de agus ina bhfuil cónaí air; nó

(b) an Ballstát a bhfuil an duine ina náisiúnach de, cé nach é an Ballstát ina bhfuil cónaí air, a ndíbreofar é chuige a luaithe a scaoilfear saor é ó fhorghníomhú na pianbhreithe [...]; nó

(c) aon Bhallstát seachas an Ballstát dá dtagraítear i bpointe (a) nó (b), a dtabharfar a údarás inniúil toiliú an breithiúnas agus an deimhniú a chur ar aghaidh chuig an mBallstát sin.

2. Féadfar an breithiúnas agus an deimhniú a chur ar aghaidh i gcás ina bhfuil údarás inniúil an Stáit eisiúna, i gcás inarb iomchuí tar éis comhairliúcháin idir údaráis inniúla an Stáit eisiúna agus an Stáit fhorghníomhaithigh, sásta go rannchuideoidh forghníomhú na pianbhreithe ag an Stát forghníomhaitheach leis an gcuspóir a bhaint amach maidir le hathimeascadh sa tsochaí an duine faoi phianbhreith a éascú.

3. Sula gcuirfear an breithiúnas agus an deimhniú ar aghaidh, féadfaidh údarás inniúil an Stáit eisiúna dul i gcomhairle, trí gach mhodh iomchuí, le húdarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh. Beidh an comhairliúcháin éigeantach sna cásanna dá dtagraítear i mír 1(c). I gcásanna den sórt sin, cuirfidh údarás inniúil an Stáit fhorghníomhaithigh an cinneadh maidir le toiliú a thabhairt don bhreithiúnas a chur ar aghaidh in iúl don Stát eisiúna gan mhoill.

[...]

5. Féadfaidh an Stát forghníomhaitheach, ar a thionscnamh féin, a iarraidh ar an Stát eisiúna an breithiúnas mar aon leis an deimhniú a chur ar aghaidh. [...] Ní chruthófar le hiarrataí arna ndéanamh faoin mír seo oibleagáid ar an Stát eisiúna an breithiúnas mar aon leis an deimhniú a chur ar aghaidh.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Foráiltear le hAirteagal 6(1) agus (2) den Chinneadh Réime sin, dar teideal ‘Barúlacha agus fógra a thabhairt don duine faoi phianbhreith’, mar a leanas:

‘1. Gan dochar d’fhorálacha mhír 2, ní fhéadfar breithiúnas mar aon le deimhniú a chur ar aghaidh chuig an Stát forghníomhaitheach chun aitheantas a thabhairt don phianbhreith agus í a fhorghníomhú ach amháin le toiliú an duine faoi phianbhreith, i gcomhréir le dlí an Stáit eisiúna.

2. Ní bheidh gá le toiliú an duine faoi phianbhreith i gcás ina gcuirfear an breithiúnas mar aon leis an deimhniú ar aghaidh:

(a) chuig an mBallstát a bhfuil an duine faoi phianbhreith ina náisiúnach de agus ina bhfuil cónaí air;

[...]

(c) chuig an mBallstát ar theith nó ar fhill an duine faoi phianbhreith air mar gheall ar na himeachtaí coiriúla a bhfuil sé faoina réir sa Stát eisiúna nó tar éis a chiontaithe sa Stát eisiúna sin.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Foráiltear le hAirteagal 25 den Chinneadh Réime sin, dar teideal ‘Forghníomhú pianbhreitheanna i ndiaidh barántas gabhála Eorpach’, mar a leanas:

‘Gan dochar do [Chinneadh Réime 2002/584], beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha an Chinnidh Réime seo, a mhéid atá siad i gcomhréir le forálacha an Chinnidh Réime sin, maidir le pianbhreitheanna a fhorghníomhú i gcás ina ngabhann Ballstát air féin an phianbhreith a fhorghníomhú de bhun Airteagal 4(6) den Chinneadh Réime sin nó i gcás ina bhfuil an coinníoll forchurtha aige go bhfillfear an duine go dtí an Ballstát lena mbaineann chun an phianbhreith a chur isteach ann, de bhun Airteagal 5(3) den Chinneadh Réime sin, chun saoirse ó phionós a sheachaint i gcás an duine lena mbaineann.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear le hAirteagal 26(1) de Chinneadh Réime 2008/909, dar teideal ‘Gaol le comhaontuithe agus socruithe eile’, mar a leanas:

‘Gan dochar dá gcur i bhfeidhm idir Ballstáit agus tríú Stáit ná dá gcur i bhfeidhm idirthréimhseach de bhun Airteagal 28, cuirfear an Cinneadh Réime seo in ionad, ón 5 Nollaig 2011 amach, na bhforálacha a bhaineann leis na coinbhinsiúin a leanas, atá infheidhme sa chaidreamh idir na Ballstáit:

– an [Coinbhinsiún maidir le hAistriú Daoine faoi Phianbhreith (*Série des traités européens* Uimh. 112), arna shíniú in Strasbourg an 21 Márta 1983] agus a Phrótacal breise an 18 Nollaig 1997;

– an Coinbhinsiún Eorpach maidir le Bailíocht Idirnáisiúnta Breithiúnas Coiriúil[, arna shíniú sa Háig an 28 Bealtaine 1970];

– Teideal III, Caibidil 5 den Choinbhinsiún lena gcuirtear i bhfeidhm [Comhaontú Schengen, an 14 Iúil 1985, idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile (IO 2000 L 239, lch. 19, arna shíniú in Schengen an 19 Meitheamh 1990 a tháinig i bhfeidhm an 26 Márta 1995];

– an Coinbhinsiún idir Bhallstáit na gComhphobal Eorpach um fhorghníomhú pianbhreitheanna coiriúla coigríche[, arna shíniú sa Bhruiséil an 13 Samhain 1991.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Beilge

10 Foráiltear le hAirteagal 4 den Dlí maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach an 19 Nollaig 2003 (*Moniteur belge* an 22 Nollaig 2003, lch. 60075, 'Dlí an 19 Nollaig 2003'), mar a leanas:

'Diúltófar barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú sna cásanna seo a leanas:

[...]

5° má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht aige an bonn a bhaint de chearta bunúsacha an duine lena mbaineann mar a chumhdaítear in Airteagal 6 [CAE].'

11 Foráiltear le hAirteagal 6 de Dhlí an 19 Nollaig 2003 mar a leanas:

'Féadfar forghníomhú a dhiúltú sna cásanna seo a leanas:

[...]

4° más chun pianbhreith nó ordú coinneála a fhorghníomhú a eisíodh an barántas gabhála Eorpach, i gcás gur Beilgeach an duine lena mbaineann nó go bhfuil cónaí air sa Bheilg agus go ngabhann údaráis inniúla na Beilge orthu féin an phianbhreith nó an t-ordú coinneála sin a fhorghníomhú i gcomhréir le dlí na Beilge;

[...]'

Na díospóidí sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Cás C-722/23

12 An 1 Lúnasa 2023, d'eisigh údaráis bhreithiúnacha na Rómáine barántas gabhála Eorpach i gcoinne AR, náisiúnach Rómánach a bhfuil cónaí air sa Bheilg, chun pianbhreith phríosúnachta 4 bliana a fhorghníomhú sa Rómáin le haghaidh gáinneáil ar dhaoine.

13 Le hordú an 22 Meán Fómhair 2023, dhiúltaigh chambre du conseil du tribunal de première instance francophone de Bruxelles (Dlísheomra Imscrúdaithe Chúirt Chéadchéime Fraincise na Bruiséile, an Bheilg) an barántas gabhála Eorpach sin a fhorghníomhú, ar bhonn Airteagal 4, 5°,

de Dhlí an 19 Nollaig 2003, ar an bhforas go bhfágfadh na coinníollacha coinneála sa Rómáin AR neamhchosanta ar an mbaol go sárófar a chearta bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 3 den Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, arna shíniú sa Róimh an 4 Samhain 1950 ('ECHR').

14 Rinne Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí achomharc i gcoinne an ordaithe sin os comhair chambre de mises en accusation de la cour d'appel de Bruxelles (Dlísheomra Díotála na Cúirte Achomhairc, an Bhruiséil, an Bheilg). Le breithiúnas an 30 Deireadh Fómhair 2023, sheas an Dlísheomra Díotála sin leis an ordú sin, ach chinn sé, ina theannta sin, 'go bhféadfar' an phianbhreith phríosúnachta 4 bliana 'a fhorghníomhú sa Bheilg', i gcomhréir le hAirteagal 6, 4°, de Dhlí an 19 Nollaig 2003, ós rud é go mbaineann an baol go bhféadfaí cearta bunúsacha AR a shárú le socruithe chun an phianbhreith a forchuireadh sa Rómáin a fhorghníomhú agus, dá bhrí sin, nach ndéantar difear do na himeachtaí as ar eascair, sa Bhallstát sin, ciontú an duine lena mbaineann nó an ciontú sin féin.

15 Rinne AR achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Bheilg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í. Os comhair na cúirte sin, áitíonn AR, tar éis dó a chinneadh go raibh feidhm ag foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú sainordaitheach an bharántais gabhála Eorpaigh, ós rud é go raibh forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht ag forghníomhú an bharántais sin a chearta bunúsacha a shárú, nach bhféadfadh an chúirt achomhairc éifeachtaí forais le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach a chur i bhfeidhm agus a ordú go ndéanfaí, sa Bheilg, an phianbhreith phríosúnachta a forchuireadh air sa Rómáin a fhorghníomhú.

16 I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhforáiltear le hAirteagal 4, 5°, de Dhlí an 19 Nollaig 2003, lenar trasuíodh Cinneadh Réime 2002/584 i ndlí na Beilge, nach mór diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeadh sé d'éifeacht aige cearta bunúsacha an duine iarrtha a shárú, mar a chumhdaítear in Airteagal 6 CAE.

17 Tagraíonn an chúirt a rinne an tarchur do bhreithiúnas an 17 Nollaig 2020, *Openbaar Ministerie (Neamhspleáchas an údaráis bhreithiúnaigh eisiúna)* (C-354/20 PPU agus C-412/20 PPU, EU:C:2020:1033) chun a chinneadh go bhfuil sé beartaithe le sásra an bharántais gabhála Eorpaigh go háirithe comhrac i gcoinne saoirse ó phionós don duine iarrtha atá ar chríoch seachas an chríoch ina bhfuil drochamhras ann go ndearna sé sárú.

18 De réir na cúirte sin, is léir ó bhreithiúnas an 29 Meitheamh 2017, *Popławski* (C-579/15, EU:C:2017:503), go gceanglaítear air, agus corpas iomlán an dlí náisiúnta á chur san áireamh agus na modhanna léirithe a aithnítear léi á gcur i bhfeidhm, na forálacha náisiúnta atá i gceist a léiriú, a mhéid is féidir, i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir Chinneadh Réime 2002/584. Sa chás ba chúis leis an mbreithiúnas sin, tugadh le tuiscint leis an oibleagáid sin, i gcás ina ndiúltaítear barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun breithiúnas críochnaitheach a fhorghníomhú lena bhforchuirtear pianbhreith choimeádta ar an duine iarrtha, go raibh sé d'oibleagáid ar údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit fhorghníomhaithigh iad féin forghníomhú éifeachtach na pianbhreithe arna forchur ar an duine sin a áirithiú.

19 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 6, 4°, de Dhlí an 19 Nollaig 2003, lenar trasuíodh i ndlí na Beilge an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, go bhféadfar diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú más rud é gur eisíodh é chun pianbhreith a

fhorghníomhú, i gcás inar Beilgeach an duine iarrtha, go bhfuil sé ag fanacht nó go bhfuil cónaí air sa Bheilg agus go ngabhann údaráis inniúla na Beilge orthu féin an phianbhreith sin a fhorghníomhú i gcomhréir le dlí na Beilge.

20 Dá réir sin, fiafraíonn sí, i gcás ina ndiúltaítear an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú de bhun an fhorais le haghaidh neamh-fhorghníomhú sainordaitheach dá dtagraítear i mír 16 den bhreithiúnas seo, an bhfuil Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 le léiriú sa chaoi go bhféadfaidh údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, chun saoirse ó phionós an duine iarrtha a bhfuil cónaí air ann a sheachaint, a ordú go ndéanfar, sa Bhallstát sin, an phianbhreith phríosúnachta a forchuireadh ar an duine sin sa Bhallstát eisiúna agus is ábhar don bharántas gabhála Eorpach sin a fhorghníomhú.

21 Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh, an Fhrainc) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘Má chinneann cúirteanna an Bhallstáit fhorghníomhaithigh de barántas gabhála Eorpach, i gcás ina ndéantar an duine iarrtha a thabhairt suas don Bhallstát eisiúna, go bhfuil baol ann go sárófaí cearta bunúsacha an duine sin, maidir le forghníomhú an phionóis eachtrannaigh, a mhéid is gur cheart forghníomhú barántais gabhála Eorpaigh a dhiúltú, agus má mheasann na cúirteanna sin go bhfuil cónaí ar an duine a bhfuiltear sa tóir air sa Stát sin, an údaraítear le hAirteagal 4[(6)], de [Chinneadh Réime 2002/584] ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mBarántas Gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit, do chúirteanna an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, a chinneadh ina dhiaidh sin, ar bhonn na forála lenar trasuíodh Airteagal 4[(6)] den Chinneadh Réime [sin] sa dlíchóras náisiúnta, gur cheart an phianbhreith a forchuireadh sa Bhallstát eisiúna, dá dtagraítear sa bharántas, a chaitheamh sa Bhallstát forghníomhaitheach?’

Cás C-91/24

22 An 9 Márta 2016, d’eisigh údaráis na Gréige barántas gabhála Eorpach i gcoinne HL, náisiúnach Beilgeach a bhfuil cónaí air ar chríoch na Beilge, chun pianbhreith phríosúnachta 5 bliana a fhorghníomhú sa Ghréig.

23 Le breithiúnas an 18 Eanáir 2024, dhiúltaigh chambre des mises en accusation de la cour d’appel de Mons (Dlísheomra Díotála na Cúirte Achomhairc, Mons, an Bheilg) an barántas gabhála Eorpach sin a fhorghníomhú ar an bhforas go raibh baol ann go sárófaí a chearta bunúsacha dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 5 de ECHR mar gheall ar lagú meabhrach HL, mar aon leis na coinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna.

24 Rinne Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí achomharc i gcoinne an chinnidh sin os comhair an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh), arb í an chúirt a rinne an tarchur í. Áitíonn sé, tar éis diúltú an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú mar gheall ar na coinníollacha maidir leis an bpianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú sa Bhallstát eisiúna, gur cheart don Dlísheomra Díotála breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an fhorais le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá dtagraítear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, a mhéid a bhfuil sé beartaithe leis an bhforáil sin saoirse ó phionós an duine a ndiúltaítear dá thabhairt suas a sheachaint.

25 Go bunúsach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar na cúiseanna céanna leo siúd i gCás C-722/23, ar an gcaoi gur cheart Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 a léiriú.

26 Mar sin féin, sa chás seo, fiafraíonn sí, i gcás ina ndiúltaítear an barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú de bhun an fhorais le haghaidh neamh-fhorghníomhú sainordaitheach dá dtagraítear i mír 16 den bhreithiúnas seo, an bhfuil an fhoráil sin le léiriú sa chaoi ní hamháin go bhféadfaidh, ach gur gá d'údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit fhorghníomhaithigh, chun saoirse ó phionós an duine iarrtha ar náisiúnach den Bhallstát sin é nó cónaitheoir ann a sheachaint, forghníomhú na pianbhreithe príosúnachta arna forchur ar an duine sin sa Bhallstát eisiúna agus is ábhar don bharántas gabhála Eorpach sin a ordú sa Bhallstát sin.

27 Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation (an Chúirt um Achomharc Deiridh) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'I gcás ina bhfuil sé cinnte ag cúirteanna an Bhallstáit a bhfuil barántas gabhála Eorpach á fhorghníomhú aige go bhfuil baol ann, i gcás thabhairt suas an duine a bhfuiltear sa tóir air don Bhallstát eisiúna, go ndéanfaí difear do chearta bunúsacha an duine sin i dtaobh fhorghníomhú an phionóis eachtrannaigh, ar dá réir a bhfuil cúis le diúltú d'fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh, an bhfuil léiriú le déanamh ar Airteagal 4(6) de [Chinneadh Réime 2002/584] ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit amhail go gcuirtear de cheangal leis ar na cúirteanna sin den Stát forghníomhaitheach scrúdú a dhéanamh, ionas nach bhfuil an duine is náisiúnach nó cónaitheoir an Stáit sin a bhfuiltear sa tóir air saor ó phionós, an gcaithfear nó nach gcaithfear a ordú go bhforghníomhófaí sa Bhallstát forghníomhaitheach, i gcomhréir leis an bhforáil lena dtrasuítear Airteagal 4(6) thuasluaite sa dlíchóras náisiúnta, an phianbhreith phríosúnachta arna gearradh ar an duine lena mbaineann sa Bhallstát a bhfuil barántas gabhála Eorpach á fhorghníomhú aige, ar pianbhreithe í dá dtagraítear leis an ngníomh sin?'

28 Le cinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Eanáir 2025, rinneadh Cásanna C-722/23 agus C-91/24 a uamadh chun críocha an nós imeachta ó bhéal agus an bhreithiúnais.

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Réamhbharúlacha

29 Is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú, sna cásanna sna príomhimeachtaí, gur dhiúltaigh údaráis bhreithiúnacha inniúla na Beilge na barántais ghabhála Eorpacha atá i gceist a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 4, 5°, de Dhlí an 19 Nollaig 2003, lena dtrasuítear Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 i ndlí na Beilge. Measann an chúirt a rinne an tarchur go leanann sé ó na forálacha sin nach mór diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú má tá forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint go mbeidh sé d'éifeacht ag an bhforghníomhú sin cearta bunúsacha an duine iarrtha a shárú.

30 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú go bhféadfadh an baol go sárófar na cearta bunúsacha a leagtar amach in Airteagal 4 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt') a cheadú don údarás breithiúnach forghníomhaitheach staonadh, go heisceachtúil agus tar éis scrúdú iomchuí a dhéanamh, ó éifeacht a thabhairt do bharántas gabhála Eorpach, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Aibreán 2016,

Aranyosi agus Căldăraru, C-404/15 agus C-659/15 PPU, EU:C:2016:198, mír 104, agus an 31 Eanáir 2023, *Puig Gordi agus páirtithe eile*, C-158/21, EU:C:2023:57, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach, a bhfuil fianaise oibiachtúil, iontaofa, bheacht agus nuashonraithe go cuí os a chomhair maidir le heasnaimh shistéamacha agus ghinearálaithe a bheith ann i gcoinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna, a mheas go sonrach agus go beacht, in imthosca an cháis, an bhfuil forais shubstaintiúla ann lena chreidiúint, tar éis é a thabhairt suas don Bhallstát sin, go mbeidh fíorbhaol ann go gcuirfear an duine iarrtha faoi réir, sa Bhallstát sin, íde atá mídhaonna nó táireach, a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt, mar gheall ar na coinníollacha faoina gcoinneofar é sa Bhallstát sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi agus Căldăraru*, C-404/15 agus C-659/15 PPU, EU:C:2016:198, míreanna 92 agus 94, agus an 15 Deireadh Fómhair 2019, *Dorobantu*, C-128/18, EU:C:2019:857, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Tá sé d'oibleagáid ar údarás breithiúnach forghníomhaitheach, a chinneann, sna himthosca dá dtagraítear sa mhír roimhe seo den bhreithiúnas seo, go bhféadfadh íde atá mídhaonna nó táireach, a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt, a bheith mar thoradh ar thabhairt suas duine iarrtha, deireadh a chur leis an nós imeachta um thabhairt suas a bhunaítear le Cinneadh Réime 2002/584 (féach, chuige sin, breithiúnas an 15 Deireadh Fómhair 2019, *Dorobantu*, C-128/18, EU:C:2019:857, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Sna cásanna sna príomhimeachtaí, chinn údaráis bhreithiúnacha inniúla na Beilge, mar údaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha na mbarántas gabhála Eorpacha atá i gceist, go raibh baol ann go sárófaí cearta bunúsacha na ndaoine iarrtha dá dtabharfaí na daoine sin suas d'údaráis na mBallstát eisiúna agus tháinig siad ar an gconclúid gur comhlíonadh, dá bhrí sin, na coinníollacha maidir le diúltú na barántais ghabhála Eorpacha sin a fhorghníomhú, mar a eascraíonn siad ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 31 den bhreithiúnas seo.

34 Ina mbarúlacha os comhair na Cúirte Breithiúnais, chaith Rialtas na Fraince, Rialtas na hÍsiltíre agus Rialtas na Rómáine amhras ar an gconclúid sin. Dar le Rialtas na Fraince, tá amhras ann an bhfreagraíonn na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú don ghá atá leis na díospóidí sna príomhimeachtaí a réiteach.

35 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil, de réir cásdlí socraithe, toimhde ábharthachta ag na ceisteanna arna dtarchur ag an gcúirt náisiúnta sa chomhthéacs fíorasach agus reachtach a bhfuil an chúirt sin freagrach as a shainmhíniú, agus nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé a chruinneas a fhíorú (féach breithiúnais an 15 Bealtaine 2003, *Salzmann*, C-300/01, EU:C:2003:283, mír 31, agus an 19 Bealtaine 2022, *Spetsializirana prokuratura (Cúisí éalaitheach a thriail)*, C-569/20, EU:C:2022:401, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Sa chás seo, is léir ó na hiarrataí ar réamhrialú nach bhfuil an cheist an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 i gceist i gcomhthéacs na ndíospóidí os comhair na cúirte a rinne an tarchur.

37 Ina theannta sin, is léir ó na hiarrataí sin agus ó fhoclaíocht na gceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú nach mbaineann na díospóidí sin, go bunúsach, ach amháin, i gcás inar dhiúltaigh na húdaráis bhreithiúnacha fhorghníomhaitheacha, ar bhonn na forála sin, barántais ghabhála Eorpacha a fhorghníomhú agus inar chinn siad, dá bhrí sin, gan na daoine iarrtha a

thabhairt suas do na Ballstáit eisiúna chun na pianbhreitheanna as ar eascair na barántais ghabhála sin a fhorghníomhú, an bhféadfaidh nó an gá do na húdaráis sin, chun saoirse ó phionós na ndaoine sin a sheachaint, an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 a chur i bhfeidhm, ina theannta sin, trí fhorghníomhú na bpianbhreitheanna sin a ordú ar an gcríoch atá cumhdaithe ag na húdaráis sin.

38 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go dtagann na cinntí lena ndiúltaítear na barántais ghabhála Eorpacha atá i gceist a fhorghníomhú faoin gcreat dlíthiúil agus fíorasach arna shainmhíniú ag an gcúirt a rinne an tarchur agus nach faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé amhras a chaitheamh, mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i mír 35 den bhreithiúnas seo.

Substaint

39 Lena ceisteanna, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 le léiriú sa chaoi go bhféadfaidh nó gur gá d'údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i gcás inar dhiúltaigh sé, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú, chun saoirse ó phionós an duine iarrtha a sheachaint, an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) a chur i bhfeidhm ina theannta sin.

40 Chun an cheist sin a fhreagairt, ní mór a chinneadh, ar dtús, an bhfuil sé beartaithe an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach barántais gabhála Eorpaigh a leagtar amach in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 a chur i bhfeidhm ina theannta sin, i gcás inar dhiúltaigh údarás breithiúnach forghníomhaitheach an barántas gabhála Eorpach sin a fhorghníomhú, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, ar an bhforas go bhfágfadh tabhairt suas an duine iarrtha don Bhallstát eisiúna é neamhchosanta ar an mbaol maidir le híde atá mídhaonna nó táireach a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt.

41 I ndáil leis sin, ar thaobh amháin, mar a meabhraíodh i míreanna 30 go 32 den bhreithiúnas seo, tá an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú barántais gabhála Eorpaigh, faoi Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, de chineál sainordaitheach.

42 Tá an foras sin, a bhfuil feidhm aige gan beann ar choinníollacha cónaithe an duine iarrtha, beartaithe chun cearta bunúsacha an duine sin a chosaint trí fhoráil a dhéanamh, go heisceachtúil, maidir le diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú i gcás ina bhfuil forais shubstaintiúla ann, go háirithe i gcás easnaimh shistéamacha agus ghinearálaithe i gcoinníollacha coinneála sa Bhallstát eisiúna, lena chreidiúint, tar éis é a thabhairt suas don Bhallstát sin, go mbeidh fíorbhaol ann go gcuirfear an duine sin faoi réir íde atá mídhaonna nó táireach, a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt, mar gheall ar na coinníollacha faoina ndéanfar é a choinneáil sa Bhallstát sin.

43 Dá bhrí sin, i gcás ina gcinneann údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ar tugadh barántas gabhála Eorpach arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú os a chomhair, mar atá sa chás seo, an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú atá bunaithe ar Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584 a chur i bhfeidhm, ní mór go gcuirfí deireadh leis an nós imeachta um thabhairt suas a bhunaítear leis an gCinneadh Réime sin le cinneadh den sórt sin.

44 Dá bhrí sin, tá sé mar thoradh ar dhiúltú atá bunaithe ar an bhforas sin nach ndéanfar an duine iarrtha a thabhairt suas d'údaráis bhreithiúnacha an Bhallstáit eisiúna ar fhorais a bhaineann le cosaint a cheart bunúsach. Ar na cúiseanna sin, ní chuirfidh an duine sin, dá bhrí sin, sa Bhallstát sin, an phianbhreith phríosúnachta a forchuireadh air isteach ann, ar a laghad fad a leanfaidh na coinníollacha lenar tugadh údar leis an diúltú atá bunaithe ar an bhforas céanna. Mar sin féin, ní chinntear le haon fhoráil de Chinneadh Réime 2002/584 na hiarmhairtí a bhaineann le diúltú den sórt sin an phianbhreith sin a fhorghníomhú sa Bhallstát forghníomhaitheach i gcás ina bhfuil an duine iarrtha ar chríoch an Bhallstáit sin.

45 Ar an taobh eile, tá an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú a leagtar amach in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 de chineál roghnach agus comhlíontar leis na coinníollacha maidir lena chur i bhfeidhm agus cuspóir a bhaineann go sonrach leis.

46 De réir na forála sin, féadfaidh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta nó ordú coinneála a fhorghníomhú, i gcás go bhfuil an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach nó gur náisiúnach de nó cónaitheoir ann é agus go ngabhann an Stát sin air féin an phianbhreith nó an t-ordú coinneála a fhorghníomhú i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.

47 Tá cur i bhfeidhm na forála sin faoi réir dhá choinníoll a chomhlíonadh, eadhon, ar thaobh amháin, go bhfuil an duine iarrtha ag fanacht sa Bhallstát forghníomhaitheach nó gur náisiúnach de nó cónaitheoir ann é agus, ar an taobh eile, go ngabhann an Stát sin air féin, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta, an phianbhreith nó an t-ordú coinneála ar eisíodh an barántas gabhála Eorpach ina leith a fhorghníomhú (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 I gcás ina gcinneann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach go bhfuil an dá choinníoll sin comhlíonta, ní mór dó fós a mheas an bhfuil leas dlisteanach ann lena dtugtar údar d'fhorghníomhú na pianbhreithe arna forchur sa Bhallstát eisiúna ar chríoch an Bhallstáit fhorghníomhaithigh. Leis an measúnú sin, cuirtear ar chumas an údaráis sin an cuspóir arna shaothrú leis an bhforáil sin a chur san áireamh, arb é atá ann, de réir cásdlí atá seanbhunaithe, an seans go ndéanfar an duine iarrtha a athimeascadh sa tsochaí a mhéadú ar dhul in éag na pianbhreithe a forchuireadh air (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J.(Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Maidir leis na forais le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Chinneadh Réime 2002/584, ba cheart a chur in iúl nach féidir leis na Ballstáit a roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na forais sin a thrasuí foráil a dhéanamh go gceanglaítear ar na húdaráis bhreithiúnacha diúltú d'aon bharántas gabhála Eorpach a thagann go foirmiúil faoi raon feidhme na bhforas sin a fhorghníomhú, gan na húdaráis sin a bheith in ann imthosca sonracha gach cáis a chur san áireamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 29 Aibreán 2021, *X (Barántas gabhála Eorpach – Ne bis in idem)*, C-665/20 PPU, EU:C:2021:339, mír 44).

50 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a cinneadh i ndáil le hAirteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin i mír 43 den bhreithiúnas seo, bunaítear le hAirteagal 4(6) den Chinneadh Réime sin rogha nach bhféadfar an duine iarrtha a thabhairt suas de bhun fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 47 den bhreithiúnas seo.

51 Leanann sé ón méid sin roimhe seo gur foras uathrialach le haghaidh neamh-fhorghníomhú é an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 nach bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith aige ina theannta sin, i gcás inar dhiúltaigh an Ballstát forghníomhaitheach barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú cheana féin ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, cé go bhfuil sé beartaithe leis an iarratas sin nach mbainfidh an duine iarrtha tairbhe, mar thoradh ar an diúltú sin, as saoirse ó phionós a sheachaint maidir leis an bpianbhreith lenar tugadh údar le heisiúint an bharántais gabhála Eorpaigh sin.

52 Dá gcuirfí i bhfeidhm an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584, sa bhreis ar an bhforas le haghaidh neamh-fhorghníomhú sainordaitheach a eascraíonn as Airteagal 1(3) de, dhéanfaí neamhaird ar na cuspóirí atá á saothrú le gach ceann de na forais sin, mar aon lena gcineál faoi seach.

53 Dá bhrí sin, i gcás inar dhiúltaigh an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú, ní féidir leis an údarás sin, chun saoirse ó phionós an duine iarrtha a sheachaint, an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) den Chinneadh Réime sin a chur i bhfeidhm ina theannta sin.

54 É sin ráite, a mhéid a thugtar le tuiscint leis an diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, mar a tugadh faoi deara i míreanna 43 agus 44 den bhreithiúnas seo, nach ndéanfar an phianbhreith sin a fhorghníomhú sa Bhallstát eisiúna, ní mór a mheabhrú nach féidir an Cinneadh Réime sin, arna léamh i bhfianaise fhorálacha na Cairte, a léiriú ar bhealach lena gcaithfí amhras ar éifeachtacht an chórais comhair bhreithiúnaigh idir na Ballstáit ina bhfuil an barántas gabhála Eorpach, dá bhforáiltear ag reachtóir an Aontais, ar cheann de na gnéithe bunriachtanacha (breithiúnas an 22 Feabhra 2022, *Openbaar Ministerie (Cúirt arna bunú le dlí sa Bhallstát eisiúna)*, C-562/21 PPU agus C-563/21 PPU, EU:C:2022:100, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

55 Ní mór gurb amhlaidh seo níos mó ná riamh ós rud é go bhfuil sé mar aidhm le sásra an bharántais gabhála Eorpaigh freisin comhrac i gcoinne saoirse ó phionós don duine iarrtha atá i gcríoch seachas an chríoch ina ndearnadh sárú (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Aibreán 2023, *E. D. L. (Foras le diúltú ar bhonn tinnis)*, C-699/21, EU:C:2023:295, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 80).

56 Bheadh saoirse ó phionós an duine iarrtha ar neamhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú le Cinneadh Réime 2002/584 agus le hAirteagal 3(2) CAE araon, ar dá réir a chuirfidh an tAontas ar fáil dá shaoránaigh limistéar saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha, ina n-áiritheofar saorghluaiseacht daoine i dteannta le bearta iomchuí, go háirithe maidir le rialuithe ar theorainneacha seachtracha, maille leis an gcoirpeacht a chosc nó a chomhrac (breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, *Popławski*, C-573/17, EU:C:2019:530, mír 82 agus an cásdlí dá dtagraítear).

57 Dá bhrí sin, i gcás inar dhiúltaigh údarás breithiúnach forghníomhaitheach barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, ceanglaítear ar an údarás sin féachaint go gníomhach lena áirithiú nach mbeidh an duine iarrtha saor ó phionós mar thoradh ar an diúltú sin.

58 Maidir leis na bearta atá le déanamh chun na críche sin, ba cheart a mheabhrú nach mór don oibleagáid maidir le comhar dílis, a leagtar síos sa chéad fhomhír d'Airteagal 4(3) CAE, an t-idirphlé idir na húdaráis bhreithiúnaigh fhorghníomhaitheacha agus na húdaráis bhreithiúnaigh eisiúna a rialú chun a áirithiú nach gcuirfear bac ar fheidhmiú an bharántais gabhála Eorpaigh. Leanann sé ó phrionsabal an chomhair dhílis, go háirithe, go dtugann na Ballstáit urraim dá chéile agus go gcabhraíonn siad lena chéile i gcomhlíonadh na gcúraimí a eascraíonn as na Conarthaí (breithiúnais an 18 Aibreán 2023, *E.D.L. (Foras le diúltú ar bhonn tinnis)*, C-699/21, EU:C:2023:295, mír 45, agus an 29 Iúil 2024, *Breian*, C-318/24 PPU, EU:C:2024:658, mír 93 agus an cásdlí dá dtagraítear).

59 Ón taobh sin de, ní mór do na húdaráis bhreithiúnacha eisiúna agus fhorghníomhaitheacha, chun comhar éifeachtach in ábhair choiriúla a áirithiú, úsáid iomlán a bhaint as na hionstraimí arna nglacadh ag an Aontas sa réimse sin chun an mhuinín fhrithpháirteach atá mar bhonn don chomhar sin a chur chun cinn (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Aibreán 2023, *E.D.L. (Foras le diúltú ar bhonn tinnis)*, C-699/21, EU:C:2023:295, mír 46; an 29 Iúil 2024, *Breian*, C-318/24 PPU, EU:C:2024:658, mír 94, agus an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear).

60 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, amhail Cinneadh Réime 2002/584, go léirítear go nithiúil le Cinneadh Réime 2008/909, in ábhair choiriúla, prionsabail na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh lena gceanglaítear, go háirithe maidir leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, ar gach Ballstát a mheas, ach amháin in imthosca eisceachtúla, go gcomhlíonann na Ballstáit eile dlí an Aontais agus, go háirithe, na cearta bunúsacha a aithnítear leis an dlí sin. Dá réir sin, neartaíonn an Cinneadh Réime sin an comhar breithiúnach a mhéid a bhaineann le haitheantas agus forghníomhú breithiúnas in ábhair choiriúla, i gcás inar forchuireadh pianbhreitheanna nó bearta lena gcaillfear saoirse i mBallstát eile, d'fhonn a n-athimeascadh sa tsochaí a éascú (breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

61 I gcomhréir le hAirteagal 3(1), is é is cuspóir do Chinneadh Réime 2008/909 na rialacha a bhunú faoina ndéanfaidh Ballstát, d'fhonn an t-athimeascadh sa tsochaí sin a éascú, aitheantas a thabhairt do bhreithiúnas agus an phianbhreith a fhorghníomhú arna fógairt ag cúirt de chuid Ballstáit eile. Mar is léir ó Airteagal 26(1), tagann an Cinneadh Réime sin in ionad fhorálacha na gCoinbhinsiún a bhaineann le haistriú daoine faoi phianbhreith, dá dtagraítear san Airteagal deireanach sin, is infheidhme sa chaidreamh idir na Ballstáit (breithiúnas an 4 Méan Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

62 Sa chomhthéacs sin, ní chuirtear cosc le diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú sa Bhallstát eisiúna, ar an bhforas go bhfágfadh tabhairt suas an duine iarrtha don Bhallstát sin é neamhchosanta ar an mbaol maidir le híde atá mídhaonna nó táireach, a thoirmisctear le hAirteagal 4 den Chairt, ar an údarás breithiúnach forghníomhaitheach, a bhaineann úsáid as an bhforas sin, forálacha Chinneadh Réime 2008/909 a chur i bhfeidhm chun aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas, a tugadh sa Bhallstát eisiúna, as ar eascair an phianbhreith sin a fhorchur ar an duine sin agus freagracht a ghlacadh as forghníomhú na pianbhreithe sin ar a chríoch.

63 Mar a chuir Rialtas na Beilge agus Rialtas na Rómáine in iúl ina mbarúlacha os comhair na Cúirte Breithiúnais, ní dhéantar difear do phrionsabal na muiníne frithpháirtí agus an aitheantais fhrithpháirtigh maidir leis an nós imeachta a rinneadh go dleathach sa Bhallstát sin agus as ar eascair an breithiúnas sin le cur i bhfeidhm an fhorais sin, nach mbaineann ach le coinníollacha coinneála an duine faoi phianbhreith sa Bhallstát eisiúna.

64 Ina theannta sin, cé, mar a cuireadh in iúl i mír 61 den bhreithiúnas seo, go bhfuil na rialacha a leagtar síos le Cinneadh Réime 2008/909 beartaithe go bunúsach chun athimeascadh sa tsochaí an duine faoi phianbhreith a éascú, is amhlaidh fós go bhfuil na rialacha sin ábhartha sa chás, amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, ina staonann an t-údarás breithiúnach forghníomhaitheach, go heisceachtúil agus tar éis scrúdú iomchuí a dhéanamh lena gcomhlíontar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 31 agus 32 den bhreithiúnas seo, ó bharántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584.

65 Is léir, i ndáil leis sin, ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach cuspóir absalóideach é an cuspóir maidir le deiseanna athimeasctha sa tsochaí an duine iarrtha ar dhul in éag na pianbhreithe dár ciontaíodh an duine sin, cé go bhfuil sé tábhachtach, agus nach mór an cuspóir sin a réiteach le cuspóirí bunriachtanacha Chinneadh Réime 2002/584 agus, go háirithe, leis an gcuspóir, dá dtagraítear i míreanna 55 agus 56 den bhreithiúnas seo, arb é atá ann an tsaoirse ó phionós a bhféadfadh an duine sin tairbhe a bhaint aisti a chomhrac (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 62 agus an cásdlí dá dtagraítear).

66 I bhfianaise na n-iarmhairtí maidir le forghníomhú na pianbhreithe, dá dtagraítear i mír 44 den bhreithiúnas seo, a eascraíonn as diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, is chun leas an phobail é an phianbhreith sin a fhorghníomhú sa Bhallstát forghníomhaitheach ionas nach mbeidh an duine iarrtha saor ó phionós mar thoradh ar an diúltú sin.

67 I gcás den sórt sin, i bhfianaise chuspóirí na pianbhreithe, ní mór an t-athimeascadh sa tsochaí agus an comhrac i gcoinne saoirse ó phionós a thuiscint ar bhealach comhlántach, a mhéid a thugtar le tuiscint le hathimeascadh sa tsochaí duine ar forchuireadh pianbhreith choimeádta air go ndéantar an phianbhreith sin a fhorghníomhú go hiarbhír sa Bhallstát forghníomhaitheach.

68 Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an mBallstát forghníomhaitheach a dhiúltaigh, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú, na rialacha a leagtar síos i gCinneadh Réime 2008/909 a chur i bhfeidhm chun aitheantas a fháil, ar a chríoch, don bhreithiúnas lenar forchuireadh an phianbhreith sa Bhallstát eisiúna lenar tugadh údar le heisiúint an bharántais gabhála Eorpaigh agus, de bhua an aitheantais sin, chun forghníomhú na pianbhreithe sin a áirithiú ar an gcríoch sin.

69 I ndáil leis sin, is léir ó Airteagal 4(1) den Chinneadh Réime sin gur faoin mBallstát eisiúna atá sé, i bprionsabal, an tionscnamh a ghlacadh chun an breithiúnas sin, mar aon leis an deimhniú, a bhfuil a fhoirm chaighdeánach leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Réime sin, a chur ar aghaidh chuig an mBallstát forghníomhaitheach chun aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas sin agus é a fhorghníomhú sa Bhallstát forghníomhaitheach.

70 Mar sin féin, faoi Airteagal 4(5) den Chinneadh Réime sin, féadfaidh an Ballstát forghníomhaitheach, ar a thionscnamh féin, a iarraidh ar an mBallstát eisiúna an breithiúnas céanna, mar aon leis an deimhniú sin, a chur ar aghaidh chuige.

71 Dá bhrí sin, i gcás inar dhiúltaigh an Ballstát forghníomhaitheach, go heisceachtúil, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun pianbhreith choimeádta a fhorghníomhú sa Bhallstát eisiúna, ní mór don Bhallstát forghníomhaitheach a áirithiú go ndéanfar an phianbhreith sin a fhorghníomhú ar a chríoch trína iarraidh ar a thionscnamh féin, ar bhonn Airteagal 4(5) de Chinneadh Réime 2008/909, go gcuirfidh an Ballstát eisiúna an breithiúnas agus an deimhniú dá dtagraítear i mír 69 den bhreithiúnas seo ar aghaidh chuige.

72 Is fíor go sonraítear in Airteagal 4(5) de Chinneadh Réime 2008/909 nach gcruthaítear leis na hiarrataí arna ndéanamh faoin bhforáil sin oibleagáid don Bhallstát eisiúna cur ar aghaidh den sórt sin a dhéanamh.

73 Mar sin féin, ba cheart a chur in iúl gur faoin mBallstát eisiúna sin atá sé a áirithiú go bhfeidhmeofar an saincheart a thugtar dó leis an gCinneadh Réime sin gan an breithiúnas lena bhforchuirtear pianbhreith arna tabhairt ag ceann dá chúirteanna, mar aon leis an deimhniú dá dtagraítear i mír 69 den bhreithiúnas seo, a chur ar aghaidh chuig an mBallstát forghníomhaitheach ar bhealach lena gceadaítear comhar éifeachtach idir údaráis inniúla na mBallstát in ábhair choiriúla. Dá bhrí sin, ní mór di a áirithiú nach gcuirfear bac ar fhorghníomhú an bharántais gabhála Eorpaigh agus ar aitheantas frithpháirteach breithiúnas in ábhair choiriúla chun iad a fhorghníomhú i mBallstát eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meán Fómhair 2025, *C.J. (Forghníomhú pianbhreithe i ndiaidh barántas gabhála Eorpach)*, C-305/22, EU:C:2025:665, mír 71) agus, dá bhrí sin, nach mbaintear an bonn de na cuspóirí a bhaineann le bunú an limistéir saoirse, slándála agus ceartais, a léirítear in Airteagal 3(2) CAE.

74 Dá bhrí sin, ní mór don Bhallstát eisiúna, i gcás ina bhfuil sé ar intinn aige iarraidh ón mBallstát fhorghníomhaitheach a dhiúltú, aird chuí a thabhairt ar an bhfíoras nach bhforchuirfí pionós ar an duine faoi phianbhreith mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh a athimeascadh sa tsochaí a chur i mbaol freisin.

75 Ar deireadh, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 6(1) de Chinneadh Réime 2008/909, nach bhféadfar, i bprionsabal, an breithiúnas mar aon leis an deimhniú dá dtagraítear i mír 69 den bhreithiúnas seo a chur ar aghaidh chuig an mBallstát forghníomhaitheach chun aitheantas a thabhairt don bhreithiúnas sin agus an phianbhreith a fhorghníomhú ach amháin le toiliú an duine faoi phianbhreith, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit eisiúna.

76 Mar sin féin, is léir ó phointí (a) agus (c) d'Airteagal 6(2) den Chinneadh Réime sin nach bhfuil gá leis an toiliú sin i gcás inar náisiúnach den Bhallstát forghníomhaitheach é an duine faoi phianbhreith agus ina bhfuil cónaí air ar a chríoch freisin, nó i gcás inar theith sé nó inar fhill sé ar an mBallstát sin, go háirithe tar éis a chiontaithe sa Bhallstát eisiúna, faoi seach.

77 Sa chás seo, is léir, ar thaobh amháin, ón gcomhad atá os comhair na Cúirte Breithiúnais i gCás C-91/24, faoi Airteagal 6(2)(a) de Chinneadh Réime 2008/909, nach féidir toiliú HL a éileamh, ós rud é gur náisiúnach Beilgeach é a bhfuil cónaí air sa Bheilg, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé é sin a fhíorú.

78 Ar an taobh eile, maidir leis an gcomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais i gCás C-722/23, is léir gur náisiúnach Rómánach é AR a bhfuil cónaí air sa Bheilg. Dá bhrí sin, is faoin gcúirt sin atá sé freisin a fhíorú, i bhfianaise na faisnéise atá ar fáil di, an bhfuil feidhm ag an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 6(2)(c) den Chinneadh Réime sin maidir lena staid agus, go háirithe, ar thaistil AR go dtí an Bheilg tar éis phianbhreith phríosúnachta 4 bliana a forchuireadh air sa Rómáin le haghaidh gáinneáil ar dhaoine lenar tugadh údar leis an mbarántas gabhála Eorpach a eisiúint ina choinne.

79 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná go bhfuil Airteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584 le léiriú sa chaoi nach bhféadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i gcás inar dhiúltaigh sé barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú, ar bhonn Airteagal 1(3) den Chinneadh Réime sin, arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú, chun saoirse ó phionós an duine iarrtha a sheachaint, an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) a chur i bhfeidhm ina theannta sin. Os a choinne sin, i gcás diúltú den sórt sin, ceanglaítear ar an mBallstát forghníomhaitheach, chun saoirse ó phionós den sórt sin a sheachaint, brath ar fhorálacha Airteagal 4(5) de Chinneadh Réime 2008/909 trína iarraidh, ar a thionscnamh féin, ar an mBallstát eisiúna an breithiúnas lena bhforchuirtear an phianbhreith sin a chur ar aghaidh chuige, mar aon leis an deimhniú, a bhfuil a fhoirm chaighdeánach leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Réime sin, chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú ar a chríoch.

Costais

80 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Mór-Dhlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 4(6) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/CGB ón gComhairle an 26 Feabhra 2009,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní fhéadfaidh údarás breithiúnach forghníomhaitheach, i gcás inar dhiúltaigh sé, ar bhonn Airteagal 1(3) de Chinneadh Réime 2002/584, arna leasú, barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú arna eisiúint chun pianbhreith phríosúnachta a fhorghníomhú, chun saoirse ó phionós an duine iarrtha a sheachaint, an foras le haghaidh neamh-fhorghníomhú roghnach dá bhforáiltear in Airteagal 4(6) a chur i bhfeidhm ina theannta sin. Os a choinne sin, i gcás diúltú den sórt sin, ceanglaítear ar an mBallstát forghníomhaitheach, chun saoirse ó phionós den sórt sin a sheachaint, brath ar fhorálacha Airteagal 4(5) de Chinneadh Réime 2008/909/CGB ón gComhairle an 27 Samhain 2008, maidir le prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh a chur i bhfeidhm ar bhreithiúnais in ábhair choiriúla lena bhforchuirtear pianbhreitheanna coimeádta nó bearta a bhaineann le cailleadh saoirse chun iad a fhorfheidhmiú san Aontas Eorpach, trína iarraidh, ar a thionscnamh féin, ar an mBallstát eisiúna an breithiúnas lena bhforchuirtear an phianbhreith sin a chur ar aghaidh chuige,

mar aon leis an deimhniú, a bhfuil a fhoirm chaighdeánach leagtha amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Réime sin, chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú ar a chríoch.

Sínithe